Smaointe an Stiúrthóra Shúgartha

Bhíomar den tuairim gurbh eispéireas foghlama an-fhiúntach é seo. Léirigh na leanaí an-spéis i dtraenacha agus bhain siad taitneamh as súgradh samhlaíoch leis an traein chairtchláir ar fheadh cúpla seachtain tar éis a déanta.

Tháinig méadú ar stór focail na leanaí maidir le traenacha, mar shampla, amchlár, traein phaisinéirí, traein lastais, paisinéir, stiúrthóir traenach. Bhí cuid de na leanaí an-fheasach ar na focail seo cheana ach ní raibh cuid eile chomh feasach sin orthu, rud a chiallaigh go raibh orainn iarracht ar leith a dhéanamh úsáid a bhaint astu go dtí go raibh gach uile leanbh eolach orthu.

Anois, tá a fhios againn na hamanna a dtéann na traenacha thart agus is minic a théimid amach chun lámh a chroitheadh orthu.

early childhood ireland

Luath-óige Éireann
Teach Hainault
Cearnóg Belgard
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

Teil: +353 1 405 7100
Facs: +353 1 405 7109
Ríomhphost: info@earlychildhoodireland.ie
Suíomh Idirlín: www.earlychildhoodireland.ie

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Teil: +353 1 661 7177
Facs:+353 1 661 7180
Ríomhphost: info@ncca.ie
Suíomh Idirlín: www.ncca.ie

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*

www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear

Aistear

Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

early childhood ireland

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Sampla is ea an t-eispéireas foghlama seo den chaoi a dtugann seirbhís amháin tacaíocht do cheann amháin de na spriocanna foghlama sa téama *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* in *Aistear*.

Téann an traein ó Chorcaigh go dtí Baile Átha Cliath thart ár naíonra gach lá agus tá an-chion ag na leanaí ar thraenacha dá bharr seo. Imríonn siad a lán cluichí a bhfuil baint acu le traenacha, mar sin, d'fhiafraíomar de na leanaí más mian leo traein dá gcuid féin a dhéanamh. Bhí sceitimíní orthu faoin smaoineamh. Bheartaíomar boscaí cairtchláir a úsáid chun an traein a dhéanamh agus chuireamar dath gorm uirthi mar gheall ar gur traein ghorm é *Thomas the Tank Engine* .

D'fhágamar an traein nuaphéinteáilte le triomú thar oíche agus labhraíomar faoina dtarlaíonn ar thraenacha an lá dar gcionn. *Teastaíonn ticéid ó dhaoine*, arsa Lilly. Mar sin, rinne na leanaí ticéid agus d'úsáid siad airgead bréagach chun dul ar bord na traenach. *Deimhníonn an stiúrthóir na ticéid agus cuireann an freastalaí tae ar fáil do na paisinéirí ar bord!* arsa Leanne. *Cheannaigh mo mham ceapaire ar thraein tráth*, arsa Cathal. *Tiomáineann an tiománaí traenach an traein ar an iarnród*, arsa Maurice.

Eispéireas Foghlama: Traenacha

Suíomh: Naíonra Ráth Cúil, Ráth Cúil, Co. Chorcaí

Cineál an tSuímh: Seisiúnach

Aoisghrúpa: Leanaí óga

Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*

Aidhm 1: Forbróidh leanaí scileanna agus straitéisí agus úsáidfidh iad le haghaidh na breathnadóireachta, an cheistiúcháin, an iniúchta, na tuisceana, na hidirbheartaíochta, agus chun fadhbanna a réiteach, agus samhlóidh siad iad féin ina dtaiscéalaithe agus ina smaointeoirí.

Sprioc foghlama 3: I gcomhpháirt leis an duine fásta bainfidh leanaí úsáid as a dtaithí agus as a gcuid eolais chun teoiricí atá I bhfeidhm a iniúchadh agus a fhorbairt – teoiricí faoin gcaoi a n-oibríonn an domhan, agus machnamh ar na cúiseanna a bhfoghlaimíonn siad rudaí agus an chaoi a ndéanann siad amhlaidh.

Boscaí cairtchláir a úsáid chun an traein a dhéanamh

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*

Gach uile dhuine ar bord!

Lig na leanaí orthu go raibh siad ina bpaisinéirí agus go raibh siad ag déanamh roinnt de na rudaí a dhéanann paisinéirí agus iad ar bord traenach ar nós rudaí a léamh agus labhairt ar a ngutháin.

Ar lá eile, labhraíomar leis na leanaí faoi na traenacha a théann thart an naíonra. Bheartaíomar amanna na dtraenacha a sheiceáil ar líne agus bhreacamar síos an t-am a dtéann gach traein thart an naíonra.

Lá amháin, chuamar amach chun breathnú ar thraein agus í ag dul thart. Labhraíomar faoi na soilsí dearga ag an gcrosaire comhréidh agus faoi cé chomh tábhachtach is atá sé cloí le Rialacha an Bhóthair chun muid féin a choinneáil slán sábháilte.

Smaoiníomar faoi na daoine a bhí ar an traein, faoina gceannphointí agus faoin bhfáth a raibh siad ag taisteal. Labhraíomar leis na leanaí faoi thraenacha paisinéirí agus faoi traenacha lastais agus faoina bhfuil i gceist leis na téarmaí seo.

Ag léamh an nuachtáin le linn an turais

Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*

www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear

Tae á sheirbheáil ar an traein

Ag glacadh glao tábhachtach

Táimid fós ag cur puzal, ceoil agus leabhar a bhaineann le traenacha ar fáil do na leanaí d'fhonn a gcuid eolais faoi thraenacha a fheabhsú.

Smaointe chun foghlaim na leanaí a leathnú

- Déan turas ar fhíorthraein a phleanáil le tuismitheoirí.
- Cuir leabhair pictiúr agus leabhair fhíorasacha ar fáil faoi thraenacha.
- Déan grúpghníomhaíochtaí beaga a eagrú inar féidir le leanaí úsáid a bhaint as na focail nua a d'fhoghlaim siad maidir le traenacha, mar shampla, ealaín agus cluichí a bhaineann le traenacha agus súgradh leis an 'domhan beag'.
- Foghlaim amhrán nó rann do pháistí nua a bhaineann le traenacha.

Tá baint ag an eispéireas seo leis na nithe seo a leanas chomh maith:
Féiniúlacht agus Muintearas, Aidhm 2, Spriocanna Foghlama 5 agus 6 agus *Cumarsáid*, Aidhm 3, Spriocanna Foghlama 2 agus 5

Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*